TREOIRLÍNE (AE) 2023/832 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

an 16 Nollaig 2022

lena leasaítear Treoirlíne (AE) 2016/65 maidir leis na caolchorrlaigh luachála a chuirtear i bhfeidhm i gcur chun feidhme chreat bheartas airgeadaíochta an Eurochórais (BCE/2015/35) *(BCE/2022/49)*

TÁ COMHAIRLE RIALAITHE AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus go háirithe an chéad fhleasc d'Airteagal 127(2) de,

Ag féachaint do Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhleasc d'Airteagal 3.1, Airteagail 9.2, 12.1, 14.3, 18.2 agus an chéad mhír d'Airteagal 20 de,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 18.1 de Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh (dá ngairtear an "Reacht an CEBC" anseo feasta), féadfaidh an Banc Ceannais Eorpach (BCE), mar aon le bainc cheannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu (dá ngairtear na "BCNanna" anseo feasta) oibríochtaí creidmheasa a sheoladh le hinstitiúidí creidmheasa agus le rannpháirtithe eile sa mhargadh, agus na hiasachtaí á mbunú ar bhonn comhthaobhachta leordhóthanaí. Leagtar síos na coinníollacha ginearálta faoina mbeidh BCE agus na bainc cheannais náisiúnta ullamh chun dul i mbun oibríochtaí creidmheasa, lena n-áirítear na critéir lena gcinntear incháilitheacht na comhthaobhachta chun críocha oibríochtaí creidmheasa an Eurochórais i dTreoirlíne (AE) 2015/510 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2014/60) ([1]).

(2) Tá gach sócmhainn incháilithe le haghaidh oibríochtaí creidmheasa an Eurochórais faoi réir bearta rialaithe riosca sonracha chun an Eurochórais a chosaint ar chaillteanais airgeadais i gcúinsí ina gcaithfear an chomhthaobhacht a réadú mar gheall ar mhainneachtain contrapháirtí. Déantar athbhreithniú rialta ar chreat rialaithe riosca an Eurochórais chun cosaint leordhóthanach a áirithiú. Mar thoradh ar an athbhreithniú rialta sin, chinn an Chomhairle Rialaithe an 15 Iúil 2022 athruithe áirithe a thabhairt isteach ar an gcreat rialaithe riosca.

(3) Chinn an Chomhairle Rialaithe deireadh breise a chur de réir a chéile leis an laghdú sealadach ar chaolchorrlaigh luachála a cinneadh mar chuid de na bearta sealadacha um maolú comhthaobhachta a rinne an Eurochóras mar fhreagairt ar na cúinsí eisceachtúla eacnamaíocha agus airgeadais a bhaineann le leathadh ghalar an choróinvíris (COVID-19). Is é sin an dara céim de chéimniú amach de réir a chéile a chinn an Chomhairle Rialaithe an 23 Márta 2022, lena dtabharfar deireadh leis an gcéimniú amach na caolchorrlaigh luachála.

(4) Ós rud é go bhfuil próifíl riosca na mbannaí reachtacha eile faoi chumhdach agus na n-ilchandaí cosúil le próifíl riosca na mbannaí faoi chumhdach ollmhóra, chinn an Chomhairle Rialaithe freisin gur cheart iad a bheith faoi réir na luachálacha caolchorrlaigh céanna, agus, dá bhrí sin, gur cheart na bannaí faoi chumhdach reachtacha agus na hilchandaí go léir a áireamh i gcaolchorrlach chatagóir II agus gur cheart tagairtí do bhannaí faoi chumhdach ollmhóra a bhaint de Threoirlíne (AE) 2016/65 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2015/35) ([2]).

([1]) Treoirlíne (AE) 2015/510 ón mBanc Ceannais Eorpach an 19 Nollaig 2014 maidir le creat beartais airgeadaíochta an Eurochórais a chur chun feidhme (Treoirlíne maidir le Doiciméid Ghinearálta) (BCE/2014/60) (IO L 91, 2.4.2015, lch. 3).

([2]) Treoirlíne (AE) 2016/65 ón mBanc Ceannais Eorpach an 18 Samhain 2015 maidir leis na caolchorrlaigh luachála a chuirtear i bhfeidhm i gcur chun feidhme chreat bheartas airgeadaíochta an Eurochórais (BCE/2015/35) (IO L 14, 21.1.2016, lch. 30).

(5) Ina theannta sin, chinn an Chomhairle Rialaithe leithdháileadh na n-ionstraimí fiachais arna n-eisiúint ag an Aontas Eorpach a athrú ó chatagóir caolchorrlaigh II go catagóir caolchorrlaigh I, i bhfianaise a n-inchomparáideacht le hionstraimí fiachais sa chatagóir deiridh sin i dtéarmaí praghsála chomh maith le riosca margaidh agus leachtachta, agus iad ag rialú rátáil chreidmheasa nó aibíocht iarmhair ionstraime. Tá sé sin i gcomhréir le prionsabail an bhainistithe riosca maidir le cosaint, comhsheasmhacht, simplíocht agus trédhearcacht atá mar bhonn agus mar thaca ag dearadh chreat comhthaobhachta an Eurochórais, lena n-áirítear caolchorrlaigh luachála.

(6) Chun go bhféadfaí na rioscaí a bhaineann le hionstraimí aibíochta fada a láimhseáil ar bhealach níos gráinní agus níos mó, agus ar an gcaoi sin cumhdach riosca an sceidil caolchorrlaigh a fheabhsú, cinneadh catagóir na n-ionstraimí a roinnt leis an aibíocht iarmhair is faide, (i.e. níos mó ná deich mbliana ([10, ∞)) i dtrí chatagóir nua, idir deich mbliana agus cúig bliana déag ([10, 15)), idir cúig bliana déag agus tríocha bliain ([15, 30)) agus tríocha bliain nó níos mó ([30,∞)). Leis an gcinneadh sin, in éineacht leis an gcinneadh maidir le marcáil luachála theoiriciúil atá spleách ar aibíocht a chur i bhfeidhm, tá sé beartaithe freisin feabhas a chur ar ghráinneacht chumhdach riosca na luachála teoiriciúla sin, rud atá ábhartha go háirithe d'ionstraimí a bhfuil aibíochtaí níos faide acu.

(7) Measadh freisin gur ghá an sainmhíniú ar aibíocht iarmhair le haghaidh bannaí faoi chumhdach féinúsáide a shonrú agus a choigeartú tuilleadh, agus idirdhealú á dhéanamh idir iad siúd a bhfuil struchtúr piléar bog acu, agus iad siúd a bhfuil struchtúr pas tríd coinníollach acu, chun méadú gan údar (i.e. nach bhfuil údar cuí leis de bharr comaoineacha riosca) a sheachaint sna caolchorrlaigh luachála a chuirtear i bhfeidhm maidir leis an gceann deireanach, mar thoradh ar dheighilt chatagóir na n-ionstraimí fiachais le haibíocht fhada i dtrí chatagóir ar leith.

(8) Thairis sin, chinn an Chomhairle Rialaithe, sa chreat comhthaobhachta buan agus sealadach araon, an miondealú luachála teoiriciúil cothrom 5 % is infheidhme maidir le sócmhainní indíolta i gcomhréir le hAirteagal 134 de Threoirlíne (AE) 2015/510 (BCE/2014/60) a ionadú le sceideal marcála céimnithe aibíochta, do na sócmhainní indíolta go léir a bhfuil luach teoiriciúil orthu seachas iad siúd a thagann faoi chatagóir caolchorrlaigh I. Is é is cúis leis sin comhthaobhacht an Eorachórais a chosaint ar bhealach níos mionsonraithe ar rioscaí samhaltaithe a eascraíonn as luacháil theoiriciúil ar shócmhainní indíolta.

(9) Thairis sin, d'fhonn na rioscaí a bhaineann le sócmhainní indíolta le cúpóin chomhlúthacha a léiriú go leordhóthanach, agus d'fhonn cosaint riosca an Eorachórais a fheabhsú, cinneadh aicmiú caolchorrlaigh na sócmhainní indíolta a ailíniú le cúpón seasta agus iad siúd a bhfuil cúpón comhlúthach acu mar gur léirigh siad leibhéil inchomparáide den riosca iomlán.

(10) Dá bhrí sin, ba cheart Treoirlíne (AE) 2016/65 (BCE/2015/35) a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN TREORLÍNE SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe

Leasaítear Treoirlíne (AE) 2016/65 (BCE/2015/35) mar a leanas:

(1) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (a), (b) agus (c):

"(a) áirítear i gcatagóir chaolchorrlaigh I, ionstraimí fiachais arna n-eisiúint ag rialtais láir, ionstraimí fiachais arna n-eisiúint ag an Aontas Eorpach, ionstraimí fiachais arna n-eisiúint ag an BCE agus ionstraimí fiachais arna n-eisiúint ag BCNanna roimh dháta glactha an euro ina mBallstát faoi seach a bhfuil an euro mar airgeadra aige;

(b) ionstraimí fiachais arna n-eisiúint ag:

(i) rialtais áitiúla agus réigiúnacha;

(ii) eintitis ar institiúidí creidmheasa nó institiúidí neamh-chreidmheasa iad atá aicmithe ag an Eurochóras mar ghníomhaireachtaí agus a chomhlíonann na critéir chainníochtúla atá leagtha amach in Iarscríbhinn XIIa a ghabhann le Treoirlíne (AE) 2015/510 (BCE/2014/60);

(iii) bainc forbartha iltaobhacha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta seachas an tAontas Eorpach; chomh maith le bannaí ardluacha faoi chumhdach; agus multi cédulas áirítear i gcatagóir chaolchorrlaigh II iad;

(c) ionstraimí fiachais arna n-eisiúint ag:

(i) corparáidí neamhairgeadais,

(ii) corparáidí in earnáil an rialtais, agus

(iii) gníomhaireachtaí ar institiúidí neamh-chreidmheasa iad nach gcomhlíonann na critéir chainníochtúla atá leagtha amach in Iarscríbhinn XIIa a ghabhann le Treoirlíne (AE) 2015/510 (BCE/2014/60);";

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3:

"*Airteagal 3*

Caolchorrlaigh luachála do shócmhainní indíolta

1. Cinnfear na caolchorrlaigh luachála do shócmhainní indíolta a chionroinntear ar chatagóirí caolchorrlaigh I go IV bunaithe ar:

(a) cionroinnt na sócmhainne ar leith ar cháilíocht chreidmheasa céim 1, 2 nó 3;

(b) aibíocht iarmharach na sócmhainne mar a shonraítear i mír 2;

(c) struchtúr cúpóin na sócmhainne mar a shonraítear i mír 2.

2. Maidir le sócmhainní indíolta a chionroinntear ar chatagóirí caolchorrlaigh I go IV, beidh an caolchorrlach luachála is infheidhme ag brath ar aibíocht iarmharach agus struchtúr cúpóin na sócmhainne (seasta, comhlúthach nó nialas) mar a chinntear bunaithe ar Tábla 2 san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoirlíne seo. Is í aibíocht iarmharach na sócmhainne an aibíocht ábhartha chun an caolchorrlach luachála atá le cur i bhfeidhm a chinneadh, beag beann ar an gcineál struchtúir chúpóin.

2a. Braithfidh cinneadh na haibíochta iarmhair le haghaidh bannaí faoi chumhdach féinúsáide ar cé acu atá nó nach bhfuil struchtúr piléar bog nó struchtúr pas trí bhealach coinníollach ag na bannaí faoi chumhdach féinúsáide, mar a leanas:

(a) i gcás bannaí faoi chumhdach féinúsáide a bhfuil struchtúr piléar bog acu, saineofar an aibíocht iarmhair mar an t-uasfhad chuig a bhféadfar síneadh a chur leis an aibíocht mar a léirítear sna téarmaí agus coinníollacha le haghaidh an bhanna faoi chumhdach shonraigh;

(b) i gcás bannaí féinúsáide faoi chumhdach a bhfuil struchtúr coinníollach faoi bhealach tríothu acu, comhfhreagróidh an aibíocht iarmhair do chatagóir [10,15) bliana.

Chun críocha na míre 2s seo, ciallóidh 'féinúsáid' aighneacht nó úsáid ag contrapháirtí bannaí faoi chumhdach a eisíonn nó a ráthaíonn an contrapháirtí é féin nó aon eintiteas eile a bhfuil dlúthnaisc ag an gcontrapháirtí sin leis mar a chinntear de réir Airteagal 138 de Threoirlíne (AE) 2015/510 (BCE/2014/60).

3. Maidir le sócmhainní indíolta a chionroinntear ar chatagóir chaolchorrlaigh V, beag beann ar a struchtúr cúpóin, cinnfear na caolchorrlaigh luachála bunaithe ar mheánré ualaithe na sócmhainne mar a shonraítear i míreanna 4 agus 5. Tá na caolchorrlaigh luachála is infheidhme maidir le sócmhainní indíolta i gcatagóir V leagtha síos i dTábla 2a san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoirlíne seo.

4. Measfar gurb é meánré ualaithe an tráinse sinsearaigh d'urrús de bhun sócmhainne an meán-am ualaithe ionchais a mheasfar a bheith fágtha go dtí go mbeidh aisíocaíocht déanta don tráinse sin. Maidir le hurrúis de bhun sócmhainní a dhéantar a slógadh agus a choinneáil, glacfar leis, trí ríomh na meánré ualaithe nach bhfeidhmeofar roghanna glaonna eisitheora.

5. Chun críocha mhír 4, ciallóidh 'urrúis de bhun sócmhainní a dhéantar a slógadh agus a choinneáil' urrúis de bhun sócmhainní a úsáidtear i gcéatadán de níos mó ná 75 % den mhéid ainmniúil gan íoc ag contrapháirtí a thionscain an t-urrús de bhun sócmhainne nó ag eintitis a bhfuil dlúthnasc acu leis an tionscnóir. Cinnfear na dlúthnaisc sin de réir Airteagal 138 de Threoirlíne (AE) 2015/510 (BCE/2014/60).";

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

"*Airteagal 4*

Caolchorrlaigh luachála breise curtha i bhfeidhm ar chineálacha sonracha de shócmhainní indíolta

De bhreis ar na caolchorrlaigh luachála atá leagtha síos in Airteagal 3 den Treoirlíne seo, beidh feidhm ag na caolchorrlaigh luachála breise seo a leanas maidir le cineálacha sonracha sócmhainní indíolta:

(a) Gach sócmhainn indíolta arna leithdháileadh ar chatagóirí caolchorrlaigh II, III, IV agus V, a ndéantar luach teoiriciúil orthu de réir na rialacha atá in Airteagal 134 de Threoirlíne (AE) 2015/510 (BCE/2014/60) faoi réir caolchorrlaigh luachála bhreise i bhfoirm marcála síos luachála; Braithfidh an mharcáil anuas luachála, le haghaidh bannaí féinúsáide faoi chumhdach freisin, ar an aibíocht iarmhair ionchasach nó, i gcás chatagóir caolchorrlaigh V, ar mheánré ualaithe na sócmhainne, ar na leibhéil a leagtar amach i dTábla 4 san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoirlíne seo. Chun críche an mharcáil luachála a ríomh le haghaidh bannaí féinúsáide faoi chumhdach, beidh an aibíocht iarmhair ionchasach cothrom leis an dáta aibíochta a bhí sceidealaithe ar dtús murar spreagadh agus go dtí go spreagtar síneadh aibíochta;

(b) beidh bannaí féinúsáide faoi chumhdach faoi réir caolchorrlach luachála breise de na nithe seo a leanas: (i) 8 % arna chur i bhfeidhm ar luach na n-ionstraimí fiachais arna leithdháileadh ar chéimeanna 1 agus 2 den cháilíocht chreidmheasa; Chun críocha na míre seo, beidh le 'féinúsáide' an bhrí chéanna atá le 'féinúsáide' mar a shainmhínítear in Airteagal 3(2a);

(c) mura féidir an caolchorrlach luachála breise dá dtagraítear i mír (b) a chur i bhfeidhm maidir le córas bainistíochta comhthaobhachta de chuid BCN, gníomhaire tripháirteach, nó TARGET le haghaidh uath-chomhthaobhaithe, cuirfear an caolchorrlach luachála breise i bhfeidhm sna córais nó san ardán den sórt sin le luach eisiúna iomlán na mbannaí faoi chumhdach a fhéadtar féinúsáid a bhaint astu.";

(4) in Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

"5. Beidh ionstraimí fiachais miondíola neamh-indíolta le taca morgáistí faoi réir caolchorrlaigh luachála de 31,5 %.";

(5) cuirtear an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoirlíne seo in ionad na hIarscríbinne.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm agus cur chun feidhme

1. Tiocfaidh an Treoirlíne seo i bhfeidhm an lá a thabharfar fógra do na BCNanna.

2. Glacfaidh BCNanna na bearta is gá chun an Treoirlíne seo a chomhlíonadh agus cuirfidh siad i bhfeidhm iad ón 29 Meitheamh 2023. Cuirfidh siad na téacsanna agus na meáin a bhaineann leis na bearta sin in iúl don BCE faoin 17 Feabhra 2023 ar a dhéanaí.

Airteagal 3

Seolaithe

Dírítear an Treoirlíne seo chuig na BCNanna.

Arna dhéanamh ag Frankfurt am Main, an 16 Nollaig 2022.

Do Chomhairle Rialaithe an BCE
Uachtarán an BCE
Christine LAGARDE

IARSCRÍBHINN

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Treoirlíne (AE) 2016/65 (BCE/2015/35):

"IARSCRÍBHINN

Tábla 1

Catagóirí caolchorrlaigh do shócmhainní indíolta incháilithe bunaithe ar an gcineál eisitheora agus/nó an cineál sócmhainne

Catagóir I	Catagóir II	Catagóir III	Catagóir IV	Catagóir V
ionstraimí fiachais arna n-eisiúint ag rialtais láir Ionstraimí fiachais arna n-eisiúint ag an Aontas Eorpach Deimhnithe fiachais BCE Deimhnithe fiachais arna n-eisiúint ag bainc cheannais náisiúnta (BCNanna) roimh dháta glactha an euro ina mBallstát faoi	Ionstraimí fiachais arna n-eisiúint ag rialtais áitiúla agus réigiúnacha Ionstraimí fiachais arna n-eisiúint ag eintitis (institiúidí creidmheasa nó institiúidí neamh-chreidmheasa) arna n-aicmiú ag an Eurosystem mar ghníomhaireachtaí agus a chomhlíonann na critéir chainníochtúla atá leagtha amach in Iarscríbhinn XIIa a ghabhann le Treoirlíne (AE) 2015/510 (BCE/2014/60) Ionstraimí fiachais arna n-eisiúint ag bainc forbartha iltaobhacha agus ag eagraíochtaí idirnáisiúnta seachas an tAontas Eorpach Bannaí faoi chumhdach reachtacha Multi cédulas	Ionstraimí fiachais arna n-eisiúint ag corparáidí neamhairgeadais, corparáidí in earnáil an rialtais agus gníomhaireachtaí ar institiúidí neamh-chreidmheasa iad nach gcomhlíonann na critéir chainníochtúla atá leagtha amach in Iarscríbhinn XIIa a ghabhann le Treoirlíne (AE) 2015/510 (BCE/2014/60)	Ionstraimí fiachais arna n-eisiúint ag corparáidí neamhairgeadais, corparáidí in earnáil an rialtais agus gníomhaireachtaí ar institiúidí neamh-chreidmheasa iad nach gcomhlíonann na critéir chainníochtúla atá leagtha amach in Iarscríbhinn XIIa a ghabhann le Treoirlíne (AE) 2015/510 (BCE/2014/60) Ionstraimí fiachais neamhurraithe arna n-eisiúint ag corparáidí airgeadais seachas institiúidí creidmheasa	Urrúis de bhun sócmhainní

Tábla 2

Leibhéil chaolchorrlaigh luachála curtha i bhfeidhm ar shócmhainní indíolta incháilithe i gcatagóirí caolchorrlaigh I go IV

(i %)

		Catagóirí chaolchorrlaigh							
Cáilíocht chreidmheasa	Aibíocht iarmharach (blianta) (*)	Catagóir I		Catagóir II		Catagóir III		Catagóir IV	
		cúpón seasta agus comhlúthach	cúpón nialasach	cúpón seasta agus comhlúthach	cúpón nialasach	cúpón seasta agus comhlúthach	cúpón nialasach	cúpón seasta agus comhlúthach	cúpón nialasach
Céimeanna 1 agus 2	[0, 1)	0,5	0,5	1,0	1,0	1,0	1,0	7,5	7,5
	[1, 3)	1,0	2,0	1,5	2,5	2,0	3,0	10,0	11,5
	[3, 5)	1,5	2,5	2,5	3,5	3,0	4,5	12,0	13,0
	[5, 7)	2,0	3,0	3,5	4,5	4,5	6,0	14,0	15,0
	[7, 10)	3,0	4,0	4,5	6,5	6,0	8,0	16,0	17,5
	[10, 15)	4,0	5,0	6,5	8,5	7,5	10,0	18,0	22,5
	[15, 30)	5,0	6,0	8,0	11,5	9,0	13,0	21,0	25,0
	[30, ∞)	6,0	9,0	10,0	13,0	11,0	16,0	24,0	31,5
		Catagóirí chaolchorrlaigh							
Cáilíocht chreidmheasa	Aibíocht iarmharach (blianta)	Catagóir I		Catagóir II		Catagóir III		Catagóir IV	
		cúpón seasta agus comhlúthach	cúpón nialasach	cúpón seasta agus comhlúthach	cúpón nialasach	cúpón seasta agus comhlúthach	cúpón nialasach	cúpón seasta agus comhlúthach	cúpón nialasach
Céim 3	[0, 1)	5,0	5,0	5,5	5,5	6,5	6,5	11,5	11,5
	[1, 3)	6,0	7,0	7,5	10,5	9,5	12,0	18,5	20,0
	[3, 5)	8,5	10,0	11,0	16,0	13,0	18,0	23,0	27,0
	[5, 7)	10,0	11,5	12,5	17,0	15,0	21,5	25,5	29,5
	[7, 10)	11,5	13,0	14,0	21,0	17,0	23,5	26,5	31,5
	[10, 15)	12,5	14,0	17,0	25,5	19,5	28,0	28,5	35,0
	[15, 30)	13,5	15,0	20,0	28,5	22,0	31,0	31,5	39,0
	[30, ∞)	14,0	17,0	22,0	32,5	25,0	35,5	34,5	43,0

(*) i.e. [0,1) aibíocht iarmharach níos lú ná bliain amháin, [1,3) aibíocht iarmharach cothrom le nó níos mó ná bliain amháin agus níos lú ná trí bliana, etc.

Tábla 2a

Leibhéil chaolchorrlaigh luachála curtha i bhfeidhm ar shócmhainní indíolta incháilithe i gcatagóir chaolchorrlaigh V

(i %)

		Catagóir V
Cáilíocht chreidmheasa	Meánré Ualaithe (*)	Caolchorrlach luachála
Céimeanna 1 agus 2	[0, 1)	4,0
	[1, 3)	5,0
	[3, 5)	7,0
	[5, 7)	9,0
	[7, 10)	12,0
	[10, 15)	18,0
	[15, 30)	20,0
	[30, ∞)	22,0

(*) i.e. [0,1) WAL níos lú ná bliain amháin, [1,3) WAL cothrom le nó níos mó ná bliain amháin agus níos lú ná trí bliana, etc.

Tábla 3

Leibhéil chaolchorrlaigh luachála curtha i bhfeidhm ar éilimh chreidmheasa incháilithe

(i %)

Cáilíocht chreidmheasa	Aibíocht iarmharach (blianta) (*)	Íocaíocht úis sheasta	Íocaíocht úis chomhlúthaigh
Céimeanna 1 agus 2	[0, 1)	8,0	8,0
	[1, 3)	11,5	8,0
	[3, 5)	15,0	8,0
	[5, 7)	20,0	11,5
	[7, 10)	26,0	15,0
	[10, 15)	33,0	20,0
	[15, 30)	38,0	26,0
	[30, ∞)	40,0	33,0
Céim 3	[0, 1)	16,0	16,0
	[1, 3)	25,0	16,0
	[3, 5)	35,0	16,0
	[5, 7)	42,0	25,0
	[7, 10)	46,0	35,0
	[10, 15)	48,0	42,0
	[15, 30)	50,0	46,0
	[30, ∞)	52,0	48,0

(*) i.e. [0,1) aibíocht iarmharach níos lú ná bliain amháin, [1,3) aibíocht iarmharach cothrom le nó níos mó ná bliain amháin agus níos lú ná trí bliana,

Tábla 4

Leibhéil mharcála luachála a chuirtear i bhfeidhm ar shócmhainní indíolta i gcatagóirí caolchorrlaigh II go V a luacháiltear go teoiriciúil

(i %)

Aibíocht iarmhair/Meánshaol ualaithe (WAL) (blianta) (*)	Marcáil na luachála
[0, 1)	1,5
[1, 3)	2,5
[3, 5)	3,0
[5, 7)	3,5
[7, 10)	4,5
[10, 15)	6,0
[15, 30)	8,0
[30, ∞)	13,0

(*) i.e. [0,1) aibíocht iarmharach níos lú ná bliain amháin, [1,3) aibíocht iarmharach cothrom le nó níos mó ná bliain amháin agus níos lú ná trí bliana, etc.”